

**Miontuairiscí ó Chruinniú Boird
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

Déardaoin, an 31 Lúnasa 2023 ag 11:00

Cruinniú hibrídeach: An Seomra Boird, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 4 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 A322 agus an córas físchomhdhála (VC)

<p>An Bord</p>	<p>I láthair:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Eoin McVey, Cathaoirleach - An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh, Leaschathaoirleach (VC) - An Dr Marie Bourke (seachas 9.2.1) - An tOll. Maeve Conrick (VC) - John Grenham - Lorelei Harris - An Dr Conor Kostick - An tOll. Kalpana Shankar (VC) - Caitriona Sharkey (VC) - Jennifer Taaffe (VC) (1-5 agus oscailt 6) <p>Leithscéalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Lisa Grimm
<p>An Fhoireann</p>	<p>I láthair:</p> <ul style="list-style-type: none"> - An Dr Audrey Whitty, Stiúrthóir - Orla Sweeney, Rúnaí an Bhoird - Brian O'Donnell, Leas-Stiúrthóir-Ceannasaí Eastát (6, 7, 8 agus 9.2.1) - Eoghan Ó Carragáin, Ceannasaí Bailiúchán Digiteach (VC) (9.2.2) - Liz Coffey, Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha (8.3) - Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais-CRO (9.1-9.2)
<p>Tabhair do d'aire: Tá folúntas amháin ar an mBord. Bhí gach comhalta Boird i láthair ó thús deireadh an chruinnithe, mura luaitear a mhalairt. Cuireann (1-12) in iúl nach raibh comhalta Boird nó ball foirne i láthair ar feadh thréimhse iomlán an chruinnithe, ach go raibh sé/sí i láthair le haghaidh mír(eanna) áirithe sna miontuairiscí.</p>	

1. Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh an cruinniú le córam. Mar fhreagra ar iarraidh ón gCathaoirleach, níor fhógair duine ar bith den Bhord aon choinbhleacht leasa.

Bhí an cruinniú Boird le córam. Níor fhógair an Bord aon choinbhleacht leasa.

Tabhair do d'aire: Scaipeadh páipéir uile an Bhoird roimh an gcruinniú Boird, mura luaitear a mhalairt, agus glactar leis gur léadh iad. Ag an gcruinniú, fuair an Bord Tuarascáil Bhliantúil 2022 NLI; cóip shínithe de *The Late Night Writers Club*, úrscéal grafach le Annie West; mála gualainne NLI; agus grianghraif den chruinniú Boird a bhí ar siúl in Ollscoil na Gaillimhe roimhe sin. Tar éis an chruinnithe, fuair an Bord cóip den chur i láthair a cuireadh ar fáil faoi Mhír 6 den Chlár Oibre.

2. Dréacht de na miontuairiscí ó chruinniú Boird an 29 Meitheamh 2023 agus a bhfoilsíú

Rinne an Cathaoirleach cur síos ar pháipéar ábhartha an Bhoird agus chuir sé in iúl don Bhord go gcuirfidh Rúnaí an Bhoird cur i láthair gairid ar fáil maidir le 'Saoráil Faisnéise' ag cruinniú an Bhoird an 26 Deireadh Fómhair 2023 (dá ngairtear 'an chéad chruinniú eile den Bhord' nó 'a chéad chruinniú eile' anseo feasta nuair is cuí).

D'fhaomh an Bord:

- **dréacht de na miontuairiscí ó chruinniú Boird an 29 Meitheamh 2023 gan aon leasuithe; agus**
- **foilsíú na miontuairiscí ceadaithe agus na hatheagraithe mar a aibhsítear.**

Thug an Bord faoi deara le sástacht:

- **réasúnaíocht an Fheidhmeannais maidir le hatheagraithe a mholadh leis an leagan foilsithe de mhiontuairiscí an Bhoird; agus**
- **moladh an Fheidhmeannais athbhreithniú a dhéanamh ar an leagan foilsithe de mhiontuairiscí an Bhoird 2021-2022 agus páipéir a chur faoi bhráid an Bhoird, lena gceadú, chun**

deireadh a chur le hatheagraithe i gcás nach bhfuil feidhm a thuilleadh leis an réasúnaíocht a bhaineann leis na hatheagraithe.

3. Nithe ag éirí as

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Ina theannta sin, chuir an Stiúrthóir an Bord ar an eolas ó bhéal faoi na cúrsaí a leanas a bhaineann leis an Tionscadal Forbartha Caipitil:

- Is féidir conarthaí fostaíochta i gcoinne caiteachais chaipitiúil a dhéanamh anois.
- Bhuail an Leas-Stiúrthóir agus Ceannasaí na nEastát le soláthraí seirbhíse dlí an NLI, Beauchamps, maidir leis na socruithe nua Rialachais agus Oibríochta atá beartaithe.
- Beidh an chéad chruinniú eile den Choiste um Rialachas Forbartha Caipitil i Meán Fómhair.

Thug an Bord dá aire an tábla gníomhaíochta um nithe ag éirí agus cur i láthair ó bhéal an Stiúrthóra Gníomhaigh maidir leis an Tionscadal Forbartha Caipitil.

4. Tuarascáil Feidhmiúcháin

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Chuir an Stiúrthóir tuilleadh faisnéise ar fáil don Bhord maidir le:

- Imeachtaí: Mar gheall ar an tóir a bhí orthu, cuireadh dátaí breise leis na 'Turais Stiúrthóra' agus leanfaidh siad ar aghaidh in 2024 cé go bhfuil siad i bhformáid athnuachana. Tá na himeachtaí 'Déanach ag an Leabharlann' díolta amach. An tacaíocht a chuireann NLI ar fáil do Scoil Samhraidh James Joyce Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear an iris.
- Earcaíocht: An spéis shuntasach i bpost Cheann na dTaispeántas, na Foghlama agus na gClár agus forbhreathnú ar sceideal na n-agallamh.
- Tabhartais: Buíochas le ball den Bhord, an Dr Conor Kostick, as an gcúnamh a thug sé do shaothar aistrithe d'údair Éireannacha a bhronn Litríocht Éireann le déanaí. Aitheantas don tabhartas seo agus tabhartas bailiúcháin ó Ambasáid na hÚcráine le teacht.

- Tionscadal Forbartha Caipitil: Dheimhnigh an D/TCAGSM gur soláthraíodh maoiniú chun íoc as an gcostas airgeadais a bhaineann le trealamh closamhairc agus trealamh gaolmhar a sholáthar agus a shuiteáil sa léachtlan inrochtana nua (nasctha le Mír 8.1 den Chlár Oibre). Príomhfhócas na cumarsáide lenár gcomharsana, an RCPI, ar an Tionscadal. Tá súil ag an OPW go gcuirfidh Oifig na nOibreacha Poiblí iarratas pleanála an Tionscadail isteach go luath chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Caomhnú Chlár na bParóistí Caitliceach: Maoiniú féideartha agus treoirhionscadal mar a pléadh ag cruinniú an 21 Iúil 2023 idir Ceannairí NLI, na Comhairle Oidhreacht agus Cartlannaí Deoise Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath, agus le toiliú agus eolas iomlán Cheann Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann.
- Músaeim Náisiúnta, Tuaisceart Éireann: Tuilleadh deiseanna comhoibríocha a bhaineann le hAcmhainn Foilseachán Thuaisceart Éireann agus le bailiúcháin a thabhairt ar iasacht do NLI le haghaidh taispeántas amach anseo.

Thug an Bord dá aire le spéis:

- [REDACTED]; agus Leabharlann fhíorúil Rose a fhorbairt in Ollscoil Emory ionas go bhféadfaidh sí a bailiúcháin filíochta Gaeilge a roinnt ar bhealach níos éifeachtaí le húsáideoirí in Éirinn;
- leibhéal na hearcaíochta laistigh den Leabharlann i mbliana; agus
- sceideal gnóthach oibre an Stiúrthóra.

D'fhreagair an Stiúrthóir ceisteanna ón mBord maidir le fad an taispeántais Daoine agus Áiteanna; clár NLI d'Oíche Chultúir 2023 (thairg an Stiúrthóir an clár a sheoladh chuig an mBord); an bunús do cheiliúradh 50 bliain Leabharlann na Breataine i bhfianaise a staire 250 bliain; agus an t-idirdhealú idir líonraí áirithe idir SAM agus Éire.

Ag eascairt as an Tuarascáil, phléigh an Bord daonchairdeas lena n-áirítear:

- an príomhthoradh daonchairdiúil nach mór don Stiúrthóir a shaothrú;

- na modhanna trína n-aithníonn institiúidí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ranníocaíochtaí daonchairdis lena n-áirítear na sraitheanna éagsúla aitheantais atá ailínithe le leibhéal éagsúla daonchairdis; agus
- an gá atá le straitéis dhaonchairdiúil don NLI ina sonraítear cuspóirí, pleananna chun na cuspóirí agus na próisis a chomhlíonadh, lena n-áirítear breithniú ar rialuithe inmheánacha amhail tairseacha údaraithe agus bunú Coiste chun ranníocaíochtaí daonchairdis a fhorghnó. Chuir an Stiúrthóir in iúl don Bhord go bhfuil straitéis den sórt sin á forbairt ag an gCeannasaí Cumarsáide agus Forbartha. Bhí tuairimí éagsúla i measc chomhaltaí an Bhoird maidir le:
 - Uaillmhian dhaonchairdiúil ar nós 'smaoinigh mór' i gcomparáid leis an réaltacht. Maidir leis an dara ceann, rinne comhalta Boird cur síos ar iarrachtaí daonchairdis institiúide trínar thóg sé 5 bliana chun 50% dá sprioc mhaoinithe a bhailiú, agus thairg an comhalta Boird céanna bualadh leis an Stiúrthóir agus leis an gCeann Cumarsáide agus Forbartha chun tuilleadh léargais ghairmiúla a sholáthar ar dhaonchairdeas.
 - Breithiúnas a thabhairt don Fheidhmeannas tabhairt faoi iarrachtaí daonchairdis le/gan ionchur an Bhoird sula mbeidh an straitéis thuas faofa ag an mBord.

[REDACTED]

[REDACTED] De réir iarratas an Bhoird, d'aontaigh an Stiúrthóir faisnéisiú a chur ar fáil ag an gcéad chruinniú boird eile ar MoLI, mar gur bunaíodh an músaem sular ceapadh formhór na gcomhaltaí ar Bhord NLI.

Thug an Bord dá aire Tuarascáil an Fheidhmeannais agus cur i láthair breise ó bhéal an Stiúrthóra. Phléigh an Bord daonchairdeas agus MoLI.

5. Coistí an Bhoird

5.1 An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

5.1.1 Tuarascáil an 14 Lúnasa 2023 agus Miontuairiscí an 14 Meitheamh 2023

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca breac-chuntas ar pháipéar ábhartha an Bhoird, ag tabhairt le fios go háirithe:

- Cuireadh an páipéar le haghaidh Mír 9.1.1 den Chlár Oibre faoi bhráid ARC.
- Rinne ARC roinnt moltaí don Fheidhmeannas maidir le tuairisciú don Bhord ag na cruinnithe a bhí ar na bacáin, lena n-áirítear:
 - Comhairle dlí Beauchamps a chur ar fáil maidir leis na socruithe nua 'Rialachais & Oibríochta' atá beartaithe ag an Tionscadal Forbartha Caipitil don Bhord ag an gcéad chruinniú a bheidh ar fáil.
 - Faisnéisiú ó bhéal a chur ar fáil maidir le Measúnú Straitéiseach Faisnéise Slándála/Riosca CommSec, lena n-áirítear a phríomh-mholtaí don Bhord ag an gcruinniú atá aige faoi láthair (féach Mír 9.2 den Chlár Oibre). Eolas níos mionsonraithe a chur ar fáil don Bhord (mar shampla, tuarascáil scríofa CommSec agus plean gníomhaíochta an Fheidhmeannais lena n-áirítear costais) ag a chéad chruinniú eile.
 - Faisnéis a thabhairt don Bhord maidir leis an riosca teagmhais an 8 Lúnasa 2023 (féach Mír 9.2.1 den Chlár Oibre).
 - Faomhadh an Bhoird a lorg, ag an gcruinniú reatha, d'údarás tarmligthe le haghaidh LT chun caiteachas lánroghnach a fhaomhadh (agus teorainn chaiteachais le cinneadh ag an mBord) sula gcuirfeadh an t-athbhreithniú buiséid lár bliana faoi bhráid an Bhoird ag a chéad

chruinniú eile (féach Mír 9.1.2 den Chlár Oibre).

- Nuashonrú earcaíochta a chur ar fáil don Bhord (cuireadh nuashonrú earcaíochta san áireamh i bpáipéar an Bhoird do Mhír 4 den Chlár Oibre).
- Seo a leanas breithnithe ARC maidir le tuarascáil CommSec:
 - Ba chóir oiliúint foirne a thabhairt faoi deara mar phríomh-mholadh.
 - D'fhéadfadh bainistíocht líne an Róil Slándála Faisnéise (ISR) a bheith faoi chúram Bailiúcháin Dhigiteacha agus d'fhéadfadh an ISR tuairisciú go neamhspleách, ar bhonn ráithiúil, don LT, don ARC agus don Bhord. Cé gur mhol CommSec go dtuairisceodh ISR don CRO, chuir ARC chun cinn cur chuige malartach mar gheall ar shainchúram suntasach an CRO.

Chuir an Stiúrthóir in iúl don Bhord gur thairg Stiúrthóir Leabharlann Náisiúnta Phoblacht na Seice, nuair a labhair siad ag comhdháil le déanaí, a thaithí ar shárú cibearshlándála ina leabharlann náisiúnta a roinnt le NLI.

Thug an Bord dá aire tuairisc Chathaoirleach an Choiste ar chruinniú an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 14 Lúnasa 2023 agus na miontuairiscí faofa ó chruinniú an Choiste sin ar an 14 Meitheamh 2023.

5.1.2 Comhaltas

Thug an Cathaoirleach breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Chuir Cathaoirleach an Bhoird agus Cathaoirleach ARC araon a mbuíochas in iúl: (i) don tOllamh Conrick as a cuid oibre ar an ARC a thiocfaidh chun críche an 23 Samhain 2023 nuair a rachaidh a téarma Boird in éag; agus (ii) don Dr Marie Bourke as tairiscint a dhéanamh dul isteach san ARC arís an 24 Samhain 2023 ar feadh tréimhse theoranta ama.

Ar mholadh ón gCathaoirleach, i gcomhairle le Cathaoirleach an ARC, d'fhaomh an Bord athcheapadh comhalta Boird, an Dr Marie Bourke, mar ghnáthchomhalta den ARC i bhfeidhm ón 24 Samhain 2023 go dtí go mbeidh triúr comhaltaí Boird, a ceapadh trí phróiseas ceapacháin PAS, i bhfeidhm.

5.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas

Thug Cathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas faisnéisiú ó bhéal don Bhord, mar seo a leanas:

- Ní raibh aon chruinnithe sceidealaithe ag an gCoiste idir an gcruinniú Boird roimhe seo agus an ceann reatha, ach tháinig foghrúpa an Choiste le chéile.
- Tá an chéad chruinniú eile den Choiste sceidealaithe don 13 Meán Fómhair 2023.
- Táthar ag súil go gcuirfidh an Coiste isteach tuarascáil an fhoghrúpa – ag tabhairt breac-chuntas ar réimse roghanna féideartha a thairiscint don Bhord chun freastal Oifig an Phríomharailt agus tairiscintí ginealais agus araltais NLI a leathnú, ag cur san áireamh na srianta déine ama agus pearsanra faoina bhfeidhmíonn an Leabharlann – chuig an mBord ag an gcéad chruinniú eile.

Thug an Bord tuairisc ó bhéal Chathaoirleach an Choiste maidir leis an CGH dá aire.

5.3 An Coiste Comhairleach Léitheoirí

Thug Cathaoirleach an Choiste Comhairleach Léitheoirí (RAC) faisnéisiú ó bhéal don Bhord mar seo a leanas:

- Ní raibh aon chruinnithe sceidealaithe ag an gCoiste idir an gcruinniú Boird roimhe seo agus an ceann reatha;
- Tá an chéad chruinniú eile den Choiste sceidealaithe don 28 Meán Fómhair 2023 agus tá an clár oibre curtha i gcrích.

Thug an Bord tuairisc ó bhéal bhall an Choiste maidir leis an RAC dá aire.

6. Cur i láthair: Eastáit: Tuarascáil Mheastóireachta Stórála Bhailiúchán NLI agus Roghanna Máistirphlean

Thréaslaigh an Cathaoirleach agus an Bord leis an Leas-Stiúrthóir as a cheapachán sa phost le déanaí, chomh maith lena phost mar Cheann na nEastát.

Leas-Stiúrthóir na nEastát:

- Thug sé breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird;
- D'fhógair sé gurbh fhearr leis go láidir: Rogha A (Cartlann ar an láthair ag NLI Shráid Chill Dara); agus, nuair a bhíonn Rogha A lán, rogha D a leanúint (cartlann lasmuigh de láithreán NLI) le teagmhas seirbhíse stórála tráchtála lasmuigh den láithreán ar feadh tréimhse ghearr go dtí go mbeidh Rogha D ar fáil.
- Dúirt sé go mbeadh fáilte roimh aiseolas an Bhoird sa chéim forbartha seo de choincheap an mháistirphlean i bhfianaise a rogha láidir.

D'fhreagair Leas-Stiúrthóir na nEastát ceisteanna ón mBord maidir le:

- Dea-chleachtas agus comhairliúchán le piraí idirnáisiúnta maidir leis an gcéanna;
- Infheistíocht roimhe seo agus pleanáilte ag institiúidí inchomparáide, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ina mbonneagar;
- Scóip chun foirgneamh comharsanachta a fháil mar chuid de champas NLI; foirgneamh 'Ryan's Garage' de chuid NLI a scartáil; agus comhoibriú le hinstitiúid chultúrtha náisiúnta eile ar chartlann lasmuigh den láthair;
- Deiseanna fostaíochta i bhfianaise na teicneolaíochta róbataice;
- Roghanna foinse fuinnimh á meas mar chuid de choincheap an mháistirphlean; agus
- Maoiniú daonchairdis.

D'fháiltigh an Bord roimh an aistriú ó sheirbhís stórála tráchtála lasmuigh den láithreán agus mhol sé gur cheart go mbeadh máistirphlean NLI spreagtha ag infheistíocht agus bonneagar institiúidí idirnáisiúnta. Mhol an Bord freisin, sa chéim forbartha seo de choincheap an mháistirphlean, gur cheart don Fheidhmeannas béim a leagan ar na nithe seo a leanas:

- An riosca leis na bailiúcháin ón athrú aeráide agus na spriocanna agus na hoibleagáidí aeráide a bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfaidh coincheap an mháistirphlean iad.
- Tá an t-am bunúsach don NLI chun coincheap an mháistirphlean a bhaint amach.
- Na costais a thabhaíonn an NLI agus an OPW faoi láthair chun riachtanais chartlainne an NLI a chomhlíonadh (mar shampla, stóráil tráchtála lasmuigh den láthair, fuinneamh, iompar) agus an coigilteas a tuaradh mar thoradh ar choincheap an mháistirphlean.
- Ba cheart go mbeadh an t-amlíne faoina mbeidh Rogha A (cartlann ar an láthair NLI Shráid Chill Dara), faoi láthair, oscailte.
- Is díol spéise do chuariteoirí eispéireas an chuariteora in aon áis chartlainne saintógtha ag NLI; mar shampla, Ionad Acmhainní Mhúsaeim Ghlaschú.

Thug an Bord cead don Fheidhmeannas tuilleadh forbartha a dhéanamh ar choincheap an mháistirphlean. Thug an Bord faoi deara go gcuirfidh an Feidhmeannas tús le rannpháirtíocht dhíreach leis an D/TCAGSM agus OPW maidir le coincheap an mháistirphlean.

7. Beartais

7.1 Eastáit: Ráiteas Sábháilteachta NLI

Thug Leas-Cheannasaí na nEastát, breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

D'fhaomh an Bord Dréachtráiteas Sábháilteachta (Tag: NLI_EST_POL_2302) NLI.

7.2 Eastáit: Treochlár NLI 2023 um Ghníomhú ar son na hAeráide

Thug Leas-Cheannasaí na nEastát, breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Maidir le forbairt an chéad leagan eile den Treochlár atá le cur faoi bhráid an Bhoird in 2024:

- mhol an Bord go ndéanfadh an Feidhmeannas breithniú ar tháirgeadh fuinnimh; agus
- thug Leas-Stiúrthóir na nEastát dá aire gur cheart dó breithniú a dhéanamh freisin ar dhícharbónú lena n-áirítear tionchar aeráide Thuarascáil Mheastóireachta Stórála Bhailiúchán NLI agus Rogha Máistirphlean (féach Mír 6 den Chlár Oibre).

Mar fhreagra ar cheist ón mBord, chuir Leas-Stiúrthóir na nEastát an Bord ar an eolas faoin bhfeachtas earcaíochta do phost an Oifigigh Sláinte agus Sábháilteachta.

D’fhaomh an Bord Treochlár NLI um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023.

8. Cásanna Gnó

8.1 Eastáit: Soláthar agus Suiteáil Closamhairc (AV) agus Trealamh Gaolmhar don Léachtlan Inrochtana nua

Thug Leas-Cheannasaí na nEastát, breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. I gcomhréir le faisnéisiú an Stiúrthóra faoi Mhír 4 den Chlár Oibre, chuir Leas-Stiúrthóir na nEastát in iúl don Bhord gur dheimhnigh an D/TCAGSM go raibh maoiniú á chur ar fáil chun íoc as an gcostas airgeadais atá leagtha amach i bpáipéar an Bhoird.

D’fhreagair Leas-cheannasaí na nEastát ceist ón mBord faoin amlíne chun oibreacha sa Léachtlan nua a chríochnú.

Cheadaigh an Bord don Fheidhmeannas dul ar aghaidh le conradh le Creative Technologies (Audio Visual) Ireland Ltd. chun trealamh closamhairc a sholáthar agus a shuiteáil i Léachtlan Joly nua [REDACTED] le cistí á soláthar ag D/TCAGSM.

8.2 Eastáit: Conradh Seirbhíse um Bainistíocht agus Stóráil Sheachtrach Taifid Tráchtála

Rinne Leas-Stiúrthóir na nEastát cur síos ar pháipéar ábhartha an Bhoird agus ina theannta sin, chuir sé comhairle ar an mBord nuair atá próiseas soláthair nua le bheith ar siúl chun seirbhís tráchtála bainistíochta agus stórála taifead lasmuigh den láithreán a sholáthar.

D'iarr an Bord ar an bhFeidhmeannas an méid seo a leanas a cheadú: (i) leas a bhaint as an rogha conradh a shíneadh le Glenbeigh Records Management (GRM); agus (ii) na roghanna sa chonradh reatha a agairt, le haghaidh rogha síneadh 12 mhí amháin, chun síneadh a chur leis an gconradh le GRM ó thréimhse dheireadh an chonartha atá ceadaithe faoi láthair an 10 Meán Fómhair 2023 go dtí an 10 Meán Fómhair 2024 [REDACTED]. Tabhair do d'aire: Athraíonn an costas airgeadais ag brath ar an méid a stóráiltear agus ar líon na nglanna ar ábhair a stóráiltear ansin le hiompar chuig an NLI.

8.3 Cumarsáid agus Forbairt: Soláthar Sheirbhísí Caidrimh Phoiblí, Gnóthaí Poiblí agus Cumarsáide

Rinne an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha cur síos ar an bpáipéar ábhartha Boird agus d'fhreagair sé barúlacha ón mBord maidir le: Tuarascáil DHR Communications 'Scanadh Comhshaoil don NLI, Bealtaine 2023', mar a cuireadh i láthair ag an gcrúinniú Boird roimhe seo, agus seirbhís DHR Communications i gcoitinne.

Chomh maith lena freagra, rinne an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha cur síos ar an soláthar a rinneadh chun an tseirbhís seo a chur ar fáil; a sástacht fhoriomlán le seirbhís DHR Communications; agus sampla den obair a d'fhéadfaí a dhéanamh go himmheánach, dá mbeadh breis foirne ar fáil ina roinn.

[REDACTED]

[REDACTED]
[REDACTED]
[REDACTED]

[REDACTED]

Chuir an Bord faomhadh ar fáil don Fheidhmeannas síneadh a chur le conradh le DHR Communications ar feadh téarma dhá mhí dhéag ón 29 Meán Fómhair 2023 go dtí an 27 Meán Fómhair 2024, mar a cheadaítear faoin RFT (Creat-Chomhaontú IIsoláthróra an OGP chun Seirbhísí Caidrimh Phoiblí agus Cumarsáide (MMP066F) a sholáthar) agus faoin gconradh reatha le DHR Communications [REDACTED]

Tabhair do d'aire: Thug an Bord aghaidh ar Mhír 9.2 den Chlár Oibre, Bainistíocht Riosca, tar éis Mhír 8.3 den Chlár Oibre. Ar mhaithe le soiléireacht, áfach, leanfar leis na miontuairiscí a bheith ag teacht leis an gClár Oibre.

9. Gnóthaí Corparáideacha

9.1 Cúrsaí Airgeadais

9.1.1 Cuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2023

Chuir Cathaoirleach an ARC in iúl don Bhord gur mhol an ARC, ag a chruinniú an 14 Lúnasa 2023, na Cuntais Bhainistíochta sin don Bhord lena gceadú.

D'fhaomh an Bord na Cuntais Bhainistíochta don bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2023.

9.1.2 An réamhaisnéis bhuiséid athbhreithnithe don chuid eile de 2023 (seachas B11: Pá agus Pinsean)

Thug an Ceannasaí Airgeadais-CRO breacchuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird. Ina theannta sin, chuir an Ceannasaí Airgeadais-CRO in iúl don Bhord, ós rud é gur dréachtaíodh páipéar an Bhoird de bhun moladh ARC chuig an bhFeidhmeannas an 14 Lúnasa 2023 (féach Mír 5.1.1 den Chlár Oibre), nár cuireadh páipéar an Bhoird faoi bhráid ARC roimh chruinniú an Bhoird.

De bhun cuireadh ó Chathaoirleach an Bhoird chuig ARC le haghaidh aon bharúlacha ar pháipéar an Bhoird, thug Cathaoirleach ARC le fios go bhféadfadh an Feidhmeannas, ARC agus an Bord breithniú a dhéanamh ar dháta amach anseo ar cheart údarás tarmligthe a sholáthar do LT chun cistí a ath-leithdháileadh, de réir mar a thagann na riachtanais chun cinn, laistigh den Bhuiséad faofa (i.e. cistí a aistriú ó chód caiteachais amháin go chód caiteachais eile).

D'fhreagair an Stiúrthóir ceist ón mBord maidir le tacaíochtaí gníomhaireachta do AD chun dul chun cinn a dhéanamh ar earcaíocht agus ar chumas an Fheidhmeannais tabhairt faoi chaiteachas breise (mar shampla, ar éadálacha nó tionscadail) roimh dheireadh na bliana, rud a laghdódh an méid cistí a mheastar a thabharfar ar aghaidh ó 2023 go 2024.

D'athbhreithnigh an Bord agus d'fhaomh sé an dréacht-réamhaisnéis bhuiséid athbhreithnithe ardluibhéil don chuid eile de 2023 (seachas B11: Pá agus Pinsean).

9.1.3 Sainordú Bainc

D'fhaomh an Bord an t-athrú beartaithe ar Shainordú Bainc an NLI a mhol an Stiúrthóir agus Ceannasaí Airgeadais-CRO de bhun cheapachán an Leas-Stiúrthóra. Áirítear sa Sainordú faofa an méid a leanas le hoibríocht agus údarás sínithe le haon bheirt díobh seo a leanas a bheith ina sínitheoirí údaraithe ar sheiceanna:

- **An Dr Audrey Whitty (Stiúrthóir)**
- **Brian O'Donnell (Leas-Stiúrthóir agus Ceannasaí na nEastát)**
- **Kathleen Ruane (Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí)**
- **Liz Coffey (Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha)**

9.2 Bainistíocht Riosca

9.2.1 Riosca teagmhais an 8 Lúnasa 2023

Chuir an Leas-Stiúrthóir-Ceannasaí na nEastát in iúl don Bhord: (i) go bhfuil na maoluithe atá beartaithe, a leagtar amach sa Tuarascáil Feidhmiúcháin, i bhfeidhm; (ii) go bhfuil maolú breise i bhfeidhm a cheanglaíonn ar gach conraitheoir ionduchtú saincheaptha a dhéanamh le hEastáit sula dtosaíonn siad ar obair ar an láthair; agus (iii) coinneofar seicliosta lena dtugtar faoi deara maoluithe agus a gcomhlánú leis na doiciméid chonartha ábhartha.

Chuir an Leas-Stiúrthóir-Ceannasaí na nEastát in iúl don Bhord chomh maith go bhfuil comhairle ó Oifigeach Dóiteáin agus Ailtire Sinsearach an OPW, a cuireadh ar an eolas faoin scéal, ar feitheamh.

D'fhreagair an Leas-Stiúrthóir-Ceannasaí na nEastát ceist ón mBord maidir le hairíonna

inlasta na gcruach leabhar sa Sciathán Thiar díchoimisiúnaithe.

Thug an Bord dá aire an faisnéisiú i scríbhinn maidir leis an teagmhas riosca an 8 Lúnasa 2023 mar atá sonraithe i dTuarascáil an Fheidhmeannais (Mír 5 den Chlár Oibre) agus i bhfaisnéisiú ó bhéal an Leas-Stiúrthóra-Cheannasaí na nEastát ar an ábhar.

9.2.2 Measúnú Straitéiseach Slándála Faisnéise/Riosca CommSec don NLI

Chuir Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach an Bord ar an eolas ó bhéal faoi chúlra an tionscadail; an soláthar a rinneadh le CommSec mar thairgeoir rathúil; toradh an tionscadail, i.e. tuarascáil mheasúnaithe a ndearna LT agus ARC athbhreithniú uirthi; agus na príomhmholtaí straitéiseacha agus teicniúla a shonraítear i dtuarascáil mheasúnaithe CommSec.

Chuir Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach in iúl don Bhord, i gcomhréir le moladh ARC an 14 Lúnasa 2023, go gcuirfear tuarascáil scríofa CommSec agus plean gníomhaíochta an Fheidhmeannais, lena n-áirítear costais, faoi bhráid an Bhoird dá chéad chruinniú eile.

D'fhreagair an Ceannasaí Airgeadais-CRO ceist ón gCathaoirleach maidir lena sástacht le cuimsitheacht thuarascáil CommSec.

D'athdhearbhaigh Cathaoirleach ARC breithnithe ARC ar thuarascáil CommSec mar a shonraítear thuas faoi Mhír 5.1.1 den Chlár Oibre.

Thug an Bord dá aire faisnéisiú ó bhéal Cheannasaí na mBailiúchán Digiteach ar Mheasúnú Straitéiseach Slándála Faisnéise/Riosca CommSec don NLI.

9.3 Rialachas

9.3.1 Séala Bhord NLI

Thug an Stiúrthóir breac-chuntas ar an bpáipéar ábhartha Boird.

Údaraíonn an Bord do Bhrian O'Donnell, Leas-Stiúrthóir-Ceannasaí na nEastát mar oifigeach cuí den Bhord séala an Bhoird a fhíordheimhniú trína shíniú.

D'aontaigh an Bord údarás freisin do bheirt ar bith as na ceathrar comhaltaí den Fheidhmeannas ina gcáil mar oifigh iomchuí den Bhord, séala an Bhoird a fhíordheimhniú lena síniú in ord:

- 1. An Dr Audrey Whitty, Stiúrthóir;**
- 2. Brian O'Donnell, Leas-Stiúrthóir-Ceannasaí na nEastát;**
- 3. Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais-CRO;**
- 4. Colette O'Flaherty, Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta agus Príomh-Aralt na hÉireann.**

Dá bhrí sin, féadfaidh an Stiúrthóir an séala a fhíordheimhniú in éineacht le hoifigeach cuí eile (i.e. Brian O'Donnell nó Kathleen Ruane nó Colette O'Flaherty). Sa chás nach bhfuil an Stiúrthóir ar fáil nó má tá oifig an Stiúrthóra folamh, féadfaidh an Leas-Stiúrthóir an séala a fhíordheimhniú in éineacht le hoifigeach cuí eile (i.e. Kathleen Ruane nó Colette O'Flaherty). Sa chás nach bhfuil an Cathaoirleach ná an Leas-Chathaoirleach ar fáil, nó má tá folúntas in oifigí an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh, ba cheart don Bhord an séala a fhíordheimhniú

Thug an Bord faoi deara nach bhfuil aon athruithe eile ann maidir le fíordheimhniú shéala an Bhoird a d'aontaigh an Bord an 6 Deireadh Fómhair 2022.

9.3.2 Ainmní foirne ar Bhord NLI

Chuir an Cathaoirleach in iúl don Bhord gur faoin Aire D/TCAGSM agus faoin bhfoireann a bhí ainmní na foirne ar Bhord NLI, mar a fhoráiltear leis an Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

Bhí an Cathaoirleach dóchasach go gceapfadh an tAire ball den phainéal foirne seanbhunaithe ar an mBord go luath.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord, thug an Stiúrthóir le fios gur chuir sí an Cathaoirleach ar an eolas nuair a bunaíodh an painéal foirne sin.

Thug an Bord dá aire an léargas a d'eascair as suirbhéireacht a dhéanamh ar bhaili foirne maidir le ball foirne a cheapadh ar Bhord NLI agus na chéad chéimeanna eile mar atá sonraithe i ranna 5 agus 6 faoi seach de pháipéar an Bhoird.

9.3.3 Measúnú seachtrach ar an mBord agus ar Choistí an Bhoird

Ghabh Rúnaí an Bhoird leithscéal nach raibh aon uasdátú eile aici don Bhord agus chuir sí in iúl don Bhord go gcuirfidh sí páipéar faoin scéal isteach ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aige.

10. An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin, an 26 Deireadh Fómhair 2023, 11:00

Thug an Cathaoirleach le fios don Bhord gurb é seo an cruinniú boird deireanach do chomhaltaí an Bhoird, an tOllamh Maeve Conrick, an Dr Conor Kostick agus Jennifer Taaffe de réir mar a rachaidh a dtéarmaí in éag ar an 23 Samhain 2023.

Beidh an chéad chruinniú Boird eile ann Déardaoin, an 26 Deireadh Fómhair 2023 ar 11r.n. i Seomra boird NLI.

11. Aon Ghnó Eile

Ní raibh aon ní eile ag éirí.

12. Am príobháideach

Ní raibh seisiún príobháideach ag an mBord mar gheall ar fhad an chruinnithe reatha.

Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.